

AN FIGHEADÓIR SA GCNOCÁN. (TIGHTHOLDER).

Bean a raibh ábhar bréidín sníomtha aice chuir sí an t-abhar i mala lá agus thug sí léithe é go dtéigheadh sí chuig a bhfigheadóir leis go ndéanadh sé an bréidín. Bhí sí ag imteach léithe agus sul ar araigh sí bhí sí istigh i dteach figheadóra i lár cnocáin. Cé chuir chugam-sa thú? Adeir an figheadóir léithe. Níor chuir duine ar bith chugat mé adeir sí agus ní chugat a bhí mé a' tigheacht ach níor airigh mé mé féin a' tigheacht annseo. Tá sé chó maith duit an bréidín a dhéanamh dom.

Beidh an bréidín déanta romhat nuair a thiocfas tú annseo Dé Máirt, ar seiseann, má bhíonn tú i ndon m'ainm a innseacht dom an lá sin nuair a thiocfas tú. Agus innseochaidh mé féin duit anois an t'ainm atá orm. Déanfaidh sin adeir sise. "Sé an t-ainm atá orm-sa" adeir sé, "Tightholder". "Déanfaidh sin" adeir sí agus d'fhág sí an t-ábhar ag an bhfiadóir agus chuaidh sí abhaile.

Ní raibh sí ag an doras nuair nó go raibh an t-ainm imtighthe as a ceann. Ní raibh fhios aice céard a dhéanadh sí. Bhí an lá a bhí socruighthe ag an bhfigheadóir a dtiocfadh sí i gcoinne an bhréidín a' thigheacht ní ba goire di, agus ní raibh deifir ar bith aice a dhul a dhul go dtí é.

Tháinig bean isteach aice lá. "A bhfuil fhios agat", adeir an bhean seo, "cén t-amharán a chuala mé agus mé a dul thar chnocán:

"Dá mbeadh fhios ag bean an abhair

An Tightholder atá orm-sa

Bheinn-se gan abhras gan uinéir gan airgead."

"Tá tú agam", adeir bean an abhair ina hinntinn féin, ach d'imtigh Tightholder as a ceann arís sul má bhí sé i n-am dí a dhul go dtí an figheadóir. Ní raibh fhios aice céard a dhéanadh sí. Bhíodh sí a' siubhal thart i naice leis an gcnocán agus chuala sí féin an t-amharán dhá rádh ag an bhfigheadóir agus é istigh sa gcnocán.

"Dá mbeadh fhios ag bean an abhair an Tightholder atá orm-sa

Bheinnse gan abhras gan uinéir gan airgead."

Chonnaigh sí an focal ina béal annsin. Bhíodh an t-amharán dhá rádh aice go ndeachaidh sí go dtí an fiagheadóir Dia Máirt. Nuair a tháinig sí isteach i dteach an fhiageadhóra d'fhiafruigh sí dhe a raibh an bréidín déanta aige. Tá adeir sé "a bhfuil fios m'ainm agar? Adeir sé. "Tá" adeir an bhean "Céard é?" adeir an figheadóir. "Seo, cuir an bréidín sa mala dom"adeir sí, "agus annsin innseochaidh mé t'ainm duit." Chuir sé an bréidín sa mála dí. "Anois" adeir an figheadóir, "cén t-ainm atá orm?" "Sé Tightholder atá ort," adeir sí.

D'ímtigh an figheadóir agus an seol i n-aon phléasgadh amháin agus chuir sinneán an bhean agus an mala amach as an gcnocan agus có fada le doras a' tige féin. Ní fhaca sí an figheadóir ní ba mhó.

8/3/32.